# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2011

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Talmhaíocht

## Gnáthleibhéal

# Eacnamaíocht Talmhaíochta
## Gnáthleibhéal

SCÉIM MHARCÁLA
agus
NÓTAÍ TACAÍOCHTA
le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála á meas ba chóir na pointí a leanas a thabhairt ar aird:

- I gcásanna go leor, ní luaitear ach na focail buntábhachta i.e. ní mór na focail seo a lua ina gcomhthéacs ceart i bhfreagra an iarrthóra le go ngnóthófaí na marcanna a luaitear ina leith.

- Níl na tuairiscí, modhanna agus sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach nó cinntitheach agus is féidir glacadh le freagraí bailí eile

- Cinntítear an mionsonrú a theastaíonn i bhfreagra ar bith tríd an gcomhthéacs agus tríd an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus trí líon na marcanna a shanntar don fhreagra ar an bpáipéar scrúdaithe. Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

# CUID I (120 marc)

20 CEIST – 15 CHEIST LE FREAGAIRT.
TÁ MARCANNA COTHROMA AG GABHÁIL LE GACH CEIST
(8 MARC)

**Scéim Mharcála Imlíne**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | 3 + 3 + 2 mharc | **11**. | 2 @ 4 mharc an ceann |
| **2.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **12.** | 3 + 3 + 2 mharc |
| **3**. | 2 @ 4 mharc an ceann | **13**. | 2 @ 4 mharc an ceann |
| **4.** | 2 @ 4 mharc an ceann | **14**. | 8 marc (4 + 4) |
| **5**. | 8 marc (4 + 4) | **15**. | 3 + 3 + 2 mharc |
| **6**. | 2 @ 4 mharc an ceann | **16**. | 8 marc (4 + 4) |
| **7**. | 8 marc (4 + 4) | **17**. | 8 marc (4 + 4) |
| **8**. | 8 marc (4 + 4) | **18**. | 3 + 3 + 2 mharc |
| **9**. | 8 marc (4 + 4) | **19**. | 8 marc |
| **10**. | 8 marc (4 + 4) | **20**. | 2 @ 4 mharc an ceann |

# CUID II (200 marc)

6 CHEIST – 4 CHEIST LE FREAGAIRT AG 50 MARC AN CEANN

**1.** (a) (i) Aiseanna 2 @ 2 mharc

Cuair 2 @ mharc 8

(ii) An pointe cothromaíochta 2 mharc

Míniú 4 mharc 6

(iii) Dhá chúis @ 6 mharc an ceann 12

(b) (i) Ceithre chúis @ 3 mharc an ceann 12

(ii) Ceithre mhíniú @ 3 mharc an ceann 12

**[50 marc]**

**2.** (a) (i) Míniú 6 mharc 6

(ii) Ceithre thionchar @ 5 mharc an ceann 20

(b) Trí thionchar @ 8 marc an ceann 24

**[50 marc]**

**3.** Idirdhealaigh idir gach péire díobh seo a leanas. Bain úsáid as samplaí mar ar cuí.

(i) Iasachtaí Urraithe agus Iasachtaí Neamhurraithe

7 m  4+3)  ( 6 m  3+3)  (  13

(ii) CBL (VAT i mBéarla) agus Cáin ar Fháltais Chaipitiúla

7 m  4+3)  ( 6 m  3+3)  (  13

(iii) Feirmeoir Inmharthana agus Feirmeoir Neamh-inmharthana

6 m  3+3)  ( 6 m  3+3)  (  12

(iv) Sócmhainní Seasta agus Sócmhainní Reatha i gClár Comhardaithe feirme

6 m  3+3)  ( 6 m  3+3)  (  12

**[50 marc]**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **4.** | (a) | Dhá mhíniú @ 10 marc an ceann (5 + 5) | | | 20 |
| | (b) | Dhá fhoinse eile @ 3 mharc an ceann | | | |
| | | Dhá mhíniú: 5 mharc + 4 mharc | | | 15 |
| | (c) | Trí shochar @ 5 mharc an ceann | | | 15 |
| | | | | | **[50 marc]** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5.** | (a) | Tír i mbéal forbartha: míniú 10 marc (5 + 5) | 10 |
| | (b) | Ceithre fhadhb eacnamaíocha @ 5 mharc an ceann (2 + 3) | 20 |
| | (c) | Ceithre dheacracht @ 5 mharc an ceann (2 + 3) | 20 |
| | | | **[50 marc]** |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **6.** | (a) | (i) | Dhá úsáid a bhainfí as buiséad @ 5 mharc an ceann | 10 marc | |
| | | (ii) | Iomlán na bhFáltas | 5 mharc | |
| | | (iii) | An tIarmhéid Glan | 5 mharc | |
| | | (iv) | Míniú | 10 marc (5 + 5) | |
| | | (v) | An mhí is fearr | 5 mharc | |
| | | (vi) | An mhí is deacra | 5 mharc | 40 |
| | (b) | | Rogha amháin @ 10 marc (5 + 5) | | 10 |
| | | | | | **[50 marc]** |

# Eacnamaíocht Talmhaíochta – Gnáthleibhéal – Nótaí Tacaíochta

## CUID I

**1.** Cuir iad seo in ord (1, 2, 3) tábhachta de réir an mhéid a chuireann gach ceann díobh le táirgeacht talmhaíochta na hÉireann:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Curaíocht agus Gairneoireacht | 2 | Táirgeadh Mairteola agus Bainne | 1 | Caoirigh agus Muca | 3 |

**2.** Úsáidtear feidhm an táirgthe chun cur síos a dhéanamh ar an ngaol idir **táirgí** agus **tosca**.

**3.** Luaigh **dhá** chritéar a d’fhéadfadh feirmeoirí a threorú agus cinntí á ndéanamh acu faoi tháirgeadh:

(i) Nós
(ii) Dúil i bhfóillíocht mhéadaithe
(iii) An gá le stádas sóisialta breisithe
(iv) Riosca laghdaithe
(v) Braistint mhéadaithe gnóthachtála
(vi) Uasmhéadú brabúis.

**4.** Tá táirgeoirí muc na hÉireann ag éirí níos éifeachtúla ar a gcuid feirmeacha. Ciallaíonn sé sin go bhfuil siad anois ag táirgeadh **níos mó** feola i **níos lú** ama gach bliain.

**5.** Cén fheidhm atá ag an m**Bord Bia**?

Tá an Bord Bia freagrach as cur chun cinn agus margaíocht bhia, dheochanna agus ghairneoireacht na hÉireann. Cuireann an Bord Bia réimse seirbhísí ar fáil don earnáil fiontar beag bia a bhfuil d’aidhm acu cabhrú leo láimhdeachas a mhéadú agus díolacháin a bhorradh, lena n-áirítear: taighde, brandáil, agus margaíocht/cur chun cinn.

**6.** Luaigh an íocaíocht do na tosca táirgthe seo a leanas:

(i) Caipiteal: Ús

(ii) Saothar: Pánna/Tuarastail

**7.** Tógadh na figiúirí seo a leanas as leabhair cuntas feirme ar 31 Nollaig 2010: Sócmhainní Seasta €400,000 Sócmhainní Reatha €150,000 Sócmhainní Leachtacha €60,000 Fiachais Reatha €30,000.
Úsáid na figiúirí ábhartha thuas agus ríomh an Cóimheas Leachtachta. Taispeáin do chuid oibre.

**Freagra: 2 : 1**

Obair:
60,000 / 30.000 = 2

**8.** Luaigh toradh eacnamaíoch **amháin** a d’fhéadfadh a bheith ag forbairt an tionscail bhithfhuinnimh in Éirinn ar thalmhaíocht na hÉireann.

Coigilteas ar chostais breosla
Toradh feabhsaithe ó bharra
Feabhas ar an gcomhshaol
Ioncam ’fheirmeoirí

**9.** Is é an Glanfhiúchas ar chlár comhardaithe feirme ná Sócmhainní Iomlána lúide **Dliteanais Iomlána**.

**10.** Tomhaiseann **an tInnéacs Praghsanna do Thomhaltóirí** (**CPI** *i mBéarla*) athruithe ar phraghas earraí agus seirbhísí sa gheilleagar thar am (bliain amháin go dtí an chéad bhliain eile agus thar réimse blianta). Úsáidtear é chun an ráta boilscithe/díbhoilscithe a ríomh.

**11.** Luaigh **dhá** sheirbhís a chuireann Teagasc ar fáil d'fheirmeoirí na hÉireann:

Seirbhísí taighde; Seirbhísí comhairleacha; Seirbhísí oiliúna/oideachais.

**12.** Críochnaigh slabhra bia na muiceola sna spásanna atá curtha ar fáil:

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ionchuir cheannaithe | + | Acmhainní an fheirmeora féin | → | Muca críochnaithe | + | Acmhainní Margaíochta | → | Muiceoil |

**13.** Luaigh **dhá** chúis a n-ullmhaíonn feirmeoirí cuntais feirme:

- Le fáil amach an bhfuil brabús á dhéanamh nó caillteanas á thabhú acu
- Le fáil amach cé na ranna is brabúsaí ar an bhfeirm
- Le taispeáint do na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha cánach
- Le taispeáint do bhainisteoir bainc nuair atá iarratas ar iasacht á dhéanamh

**14.** Is praghasghlacadóir é an feirmeoir aonair. Mínigh cad is brí leis seo.

Mar gheall ar an líon mór táirgeoirí in earnáil na talmhaíochta, ní féidir le gníomh feirmeoir aonair tionchar a imirt ar phraghsanna margaidh. Is cuma cá mhéad a dhíolann feirmeoir aonair, beidh an praghas mar an gcéanna. Is praghasghlacadóir é an feirmeoir aonair mar sin.

**15.** Cuir isteach praghasleaisteachas an éilimh (PED i mbéarla) cuí i ngach ceann de na spásanna thíos. (**Leaisteach**, **aonadleaisteach** nó **neamhleaisteach**)

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Tá leaisteachas –0.3 ag bainne | Neamhleaisteach |
| (ii) | Tá leaisteachas –1.25 ag mairteoil | Leaisteach |
| (iii) | Tá leaisteachas –1 ag olla | Aonadleaisteach |

**16.** Luaigh sampla **amháin** de 'chomhtháirgí' i dtalmhaíocht na hÉireann.
Uaineoil agus olann; easnacha agus rósta ó mhairteoil; min agus ola ó bharra.

**17.** Baineann 'foráil chaillroinnte' le maoin a bhíonn faoi árachas ag feirmeoirí. Mínigh cad is brí leis seo.

Má tá níos lú ná luach iomlán margaidh na réadmhaoine faoi árachas, beidh an cúiteamh a íoctar i gcás éilimh cothrom leis an gcuid faoi árachas, e.g. má tá réadmhaoin ar fiú €100,000 í faoi árachas do €80,000 in aghaidh tine agus má dhóitear seomra ar fiú €20,000 é, beidh an cúiteamh cothrom le 80% de €20,000.

**18.** Líon isteach na **trí** phríomhghné eile den chumasc margaíochta sna spásanna thíos:

| **TÁIRGE** | PRAGHAS | **PROMÓISEAN** | **ÁIT** |
|---|---|---|---|

**19.** Luaigh sampla **amháin** de threoir ón AE. **An Treoir um Níotráití; Treoir Ama Oibre**

**20.** Luaigh **dhá** shlí a raibh tionchar eacnamaíoch ar earnáil talmhaíochta na hÉireann ag na coinníollacha drochaimsire le linn an dá gheimhreadh dheireanacha:


Costais mhéadaithe do bhianna ainmhithe/bhreosla
Costais aothaSr hreiseb
Costais dochair de bharr píopaí pléasctha
Caillteanas ainmhithe

# Nótaí Tacaíochta
## CUID II

**1.** Sa léaráid taispeántar soláthar agus éileamh an mhargaidh i gcás táirge talmhaíochta.

**(a)** (i) Cóipeáil an léaráid i do fhreagarleabhar. Lipéadaigh na haiseanna, cuar an Éilimh agus cuar an tSoláthair.

(ii) Marcáil an pointe cothromaíochta **agus** mínigh cad is brí leis an bpointe seo.




Is é **E** an pointe cothromaíochta.

Ag an bpraghas cothromaíochta, tá an chainníocht a sholáthraítear agus an chainníocht a éilítear mar an gcéanna agus níl aon chlaonadh athraithe ann.

(iii) Mínigh na cúiseanna leis an gclaonadh ar chuar an Éilimh **agus** ar chuar an tSoláthair.

Cuar an Éilimh: Dá airde an praghas, is é is ísle an t-éileamh.

Dá ísle an praghas, is é is airde an t-éileamh.

Cuar an tSoláthair: Dá airde an praghas, is é is airde an soláthar.

Dá ísle an praghas, is é is ísle an soláthar.

**(b)** (i) Luaigh **ceithre** chúis a mbeadh méadú san éileamh ar earra talmhaíochta ar bith.

(ii) I n**gach** cás, mínigh cén fáth a méadaíonn an t-éileamh.

| | **Cúiseanna don mhéadú san éileamh** | **Mínithe:** |
|---|---|---|
| 1 | Laghdú ar chostas tráchtearra | Is féidir níos mó dó a cheannach mar go bhfuil an praghas aonaid níos lú |
| 2 | Méadú ar chumhacht ceannaigh an tomhaltóra | Tá níos mó airgid ar fáil chun an táirge a cheannach |
| 3 | Méadú ar chostas ionadaithe | Roghnaíonn tomhaltóirí ionadaithe do phraghas níos fearr |
| 4 | Athrú ar thoighsí tomhaltóirí | Ceannaíonn níos mó daoine an táirge de bharr níos mó fógraíochta, cúiseanna sláinte |
| 5 | Méadú ar líon tomhaltóirí de bharr promóisean díolacháin | Cuirfidh promóisean díolacháin maith an táirge in iúl do níos mó daoine, agus ceannóidh cuid díobh é. |

**2.** **(a)** (i) Mínigh an téarma 'feirmeoireacht pháirtaimseartha'.

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** shlí a mbíonn tionchar dearfach agus **dhá** shlí a mbíonn tionchar diúltach ag an bhfeirmeoireacht pháirtaimseartha ar thalmhaíocht na hÉireann.

Feirmeoireacht pháirtaimseartha:

Cás ina mbíonn feirmeoirí fostaithe i ngnáthghairm éigin eile óna bhfaigheann siad ioncam chun a gcaighdeán maireachtála a fheabhsú agus/nó chun a ngníomhaíochtaí feirmeoireachta a fhrithghealladh.

Tionchair dhearfacha:

- Ioncam breise do theaghlaigh feirme
- Airgead breise ar fáil do fhorbairt feirme
- Saothar breise sa gheilleagar, a chabhraíonn le borradh geilleagrach

Tionchair dhiúltacha:

- Úsáid talún nach bhfuil chomh dian céanna ag feirmeoirí páirtaimseartha.
- Cuirtear bac ar fhorleathnú feirmeacha
- Laghdú ar an daonra feirmeoireachta/drochthionchar ar an tuath
- Saincheisteanna sábháilteachta le hainmhithe feirme

**(b)** Cuireann droch-choinníollacha eacnamaíocha isteach ar thalmhaíocht na hÉireann ina lán slite.

Luaigh agus mínigh **trí** shlí a dtéann droch-choinníollacha eacnamaíocha i bhfeidhm ar an bhfeirmeoireacht in Éirinn.

- Tá níos lú caiteachais ar tháirgí talmhaíochta de bharr ioncam indiúscartha laghdaithe tomhaltóirí.
- Níos lú infheistíocht chaipitiúil ó fheirmeoirí de bharr deacrachta i gcreidmheas bainc a fháil.
- Fostaíocht theoranta lasmuigh den fheirm ar fáil.
- Feirmeoirí ag éagsúlú.

**3.** Idirdhealaigh idir **gach** péire díobh seo a leanas. Bain úsáid as samplaí mar ar cuí.

**(a)** Iasachtaí Urraithe agus Iasachtaí Neamhurraithe;

**(b)** CBL (VAT *i mBéarla*) agus Cáin ar Fháltais Chaipitiúla;

**(c)** Feirmeoir Inmharthana agus Feirmeoir Neamh-inmharthana;

**(d)** Sócmhainní Seasta agus Sócmhainní Reatha i gClár Comhardaithe feirme.

**(a)** Iasacht nach bhfuil tacaíocht comhthaobhachta aici í an iasachta neamhurraithe. Bheadh sláine an iasachtaí maith go leor leis an mbanc a shásamh. Theastódh rátáil chreidmheasa mhaith chun iasacht neamhurraithe a fháil. Bíonn iasachtaí mar seo gearrthéarmach de ghnáth.

I gcás iasacht urraithe, cuireann an t-iasachtaí sócmhainn éigin (e.g. réadmhaoin) i ngeall mar chomhthaobhacht don iasacht. Sa chás go mainníonn an t-iasachtaí, glacann an creidiúnaí seilbh ar an tsócmhainn a úsáideadh mar chomhthaobhacht agus is féidir leis í a dhíol chun an fiach a ghlanadh. Is iad iasachtaí urraithe an cineál creidmheasa is coitianta.

**(b)** Cáin indíreach í CBL (Cáin Bhreisluacha) ar earraí agus seirbhísí. Cuirtear leis an mbreisluach í ag gach céim den táirgeadh. Bailíonn táirgeoirí agus gach dream eile a chuireann luach leis na hearraí an cháin agus cuirtear an costas ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den táirgeadh. Is é an tomhaltóir deiridh a íocann an CBL ar fad ar deireadh. Ní chuirtear CBL i bhfeidhm ar roinnt táirgí bia.

Muirear airgeadais í Cáin ar Fháltais Chaipitiúla a chuireann an stát ar luach sócmhainní nó airgead a fhaightear mar bhronntanas nó mar oidhreacht. Tá díolúintí agus rátaí difriúla i gceist ag brath ar na cúinsí.

**(c)** Is iad na feirmeoirí inmharthana iad siúd atá in ann dul in oiriúint do choinníollacha geilleagracha agus teicniúla atá ag athrú.

Níl an cumas nó na hacmhainní ag feirmeoirí neamh-inmharthana a bhfeirmeacha a choinneáil comhaimseartha.

**(d)** Sócmhainní Seasta – sócmhainní ar an bhfeirm ar feadh tréimhsí fada, e.g. talamh, foirgnimh, innealra, stoc síolraíochta.

Sócmhainní Reatha – sócmhainní ar an bhfeirm ar feadh tréimhsí gairide, e.g. stoc intrádála, barra indíolta, airgead tirim.

**4.** **(a)** Is dhá íocaíocht dhíreacha a fhaigheann feirmeoirí iad:

(i) Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste

(ii) Scéim na hAoníocaíochta (i.e. Íocaíocht Aonair Feirme).

Mínigh an cuspóir gach ceann den **dá** íocaíocht thuas.

Íocaíocht ón AE í **Scéim na Limistéar faoi Mhíbhuntáiste** (DAS) a thugtar d'fheirmeoirí mar chúiteamh ar a dtalamh atá ar chaighdeán níos ísle. Bheadh a n-ioncam/mbrabúis níos ísle ná feirmeoirí eile a bhfuil talamh níos fearr acu. Chabhródh an íocaíocht DAS an difríocht a laghdú.

<u>Limistéir incháilithe don DAS</u>
I measc na limistéar incháilithe tá féarach garbh; ranna coimíneachta; limistéir a úsáidtear chun barra a fhás, seachas féar, a úsáidtear mar fhoráiste lena n-áirítear grán buí, biatas beithíoch, tornapaí, meaingil, etc.; agus limistéir a úsáidtear chun tuí nó sadhlas a tháirgeadh.
Caithfidh an talamh a bheith á húsáid agus á bainistiú ag an iarratasóir. Caithfidh rochtain neamhspleách a bheith ann d'ainmhithe agus/nó d'innealra. Ní ghlactar le rochtain thar thalamh úinéirí talún tadhlacha.
Caithfidh falú cuí a bheith ann don fhiontar feirmeoireachta. Caithfidh teorainneacha sonraithe seachtracha a bheith ann seachas i gcás coimíneachta.
<u>Limistéir nach bhfuil incháilithe don DAS</u>
Limistéir faoi bhóithre, cosáin, foirgnimh, lochanna, limistéir de charraigeacha loma, etc.; portach nach bhfuil feiliúnach d'fhéarach; limistéir a úsáidtear do chairéalú; limistéir nach bhfuil rochtain orthu agus limistéir nach bhfuil ar fáil do thógáil ainmhithe faoi phlean REPS nó aon phlean comhshaoil eile; limistéir ar nós páirceanna spóirt, cúrsaí gailf, cúrsaí galf dhá mhaide, etc.

**Scéim na hAoníocaíochta (Íocaíocht Aonair Feirme).**

**Íocaíochtaí Aonair Feirme:** Íoctar an scéim SFP, a tugadh isteach in 2005, le feirmeoirí a bhí ag feirmeoireacht de réir chaighdeáin comhshaoil agus shóisialaigh an AE (dea-chleachtas talmhaíochta). Bhí sé i gceist aici an bealach a dtugann an AE tacaíocht dá earnáil feirmeoireachta a athrú tríd an nasc idir fordheontais agus táirgeadh barr ar leith a bhaint. Tugann sé saoirse d'fheirmeoirí pé rud a theastaíonn ón margadh a tháirgeadh. Chun go gcáileoidh siad d'íocaíochtaí faoin scéim, caithfidh feirmeoirí roinnt coinníollacha agus rialacha a chomhlíonadh. Caithfidh siad caighdeáin Chros-Chomhlíonta a chomhlíonadh.

**(b)** Luaigh agus mínigh **dhá** fhoinse ioncaim eile atá ag feirmeoirí.

Íocaíochtaí aistrithe – ioncam ón Rialtas, e.g. pinsean stáit
Ioncam díreach eile – ioncam infheistíochta, ioncam réadmhaoine, ioncam lasmuigh den fheirm

**(c)** Is fearr as a bhíonn na feirmeoirí ar leo féin a gcuid talún agus a gcuid foirgneamh, de ghnáth, ná na feirmeoirí nach leo.

Tabhair breac-chuntas ar **thrí** shochar d'fheirmeoirí a bhaineann le húinéireacht a bheith acu ar a bhfeirmeacha.

- Féadfaidh siad iasacht a fháil in aghaidh urrús a réadmhaoine.
- Ní gá dóibh cíos a íoc.
- Má mhéadaíonn luach na réadmhaoine thar na blianta, beidh gnóthachan caipitiúil acu.
- Is féidir cuid den réadmhaoin a dhíol chun caiteachas caipitiúil a mhaoiniú.
- Leanann cumas tuillimh na réadmhaoine ar aghaidh i ndiaidh bhás an fheirmeora.

**5.** **(a)** Mínigh cad is brí leis an téarma ‘ tír i mbéal forbartha ’.

Is ionann tír i mbéal forbartha agus geilleagar ina bhfuil tionscail phríomhúla den chuid is mó atá ar gcúl go teicniúil, e.g. talmhaíocht agus mianadóireacht, agus atá ag brath go mór ar thíortha eile. Bíonn an GDP in aghaidh an duine an-íseal agus bíonn forbairt gheilleagrach mall.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** fhadhb eacnamaíocha a bhíonn go rialta ag tíortha i mbéal forbartha.

Ioncaim ísle/is beag coigilteas a bhíonn ann
Drocháiseanna oideachais agus sláinte
Easpa oiliúna scileanna
Éilliú/calaois pholaitiúil
An iomarca tuilleamaí ar onnmhaire amháin nó dhó, e.g. caife, siúcra/ní phróiseáiltear earraí onnmhairithe.
An iomarca caiteachais ar airm
Praghsanna ísle ar mhargaí idirnáisiúnta

**(c)** Mínigh **ceithre** dheacracht a bhíonn ag tíortha forbartha nuair a bhíonn Cúnamh Bia á chur ar fáil acu do thíortha i mbéal forbartha.

- Tá sé daor do thíortha forbartha beartas um chúnamh bia a chur i bhfeidhm mar go gcaithfear feirmeoirí sa tír bhronntach a íoc chun an bia a tháirgeadh. Caithfidh an tír bhronntach íoc as iompar an bhia freisin.
- Fadhbanna lóistíochúla i seachadadh an bhia de bharr drochbhonneagair/an mhargaidh dhuibh.
- D’fhéadfadh cúnamh bia trádáil tráchtála a chur as áit mar d’fhéadfadh tír onnmhairithe a chreidiúint go mbeadh margaí tráchtála i roinnt tíortha mura mbeidís ag fáil bia saor in aisce.
- D’fhéadfadh cúnamh bia táirgeadh dúchasacha áitiúil a chur as áit sa tír i mbéal forbartha. Nuair a fhaigheann tír bia saor in aisce, tá an baol ann go bhféadfadh sí a bheith ag brath ar na soláthairtí sin ar fad ar fad chun aimhleasa a táirgthe dhúchasaigh féin.
- Tá aon sochar gearrthéarmach mar nach múineann cúnamh bia do dhaonra na tíre i mbéal forbartha an chaoi lena bpróiseas táirgthe bia féin a fheabhsú.

**6.** Anseo thíos tá buiséad sreabhadh airgid míosúil d'fheirm sa chéad sé mhí de 2012.

**Buiséad Sreabhadh Airgid Míosúil d'fheirm: Eanáir – Meitheamh 2012**

| | **Eanáir** | **Feabhra** | **Márta** | **Aibreán** | **Bealtaine** | **Meitheamh** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | € |
| **Fáltais** | | | | | | | |
| Bainne | 1,000 | 2,500 | 8,500 | 9,000 | 9,500 | 10,000 | 40,500 |
| Gamhna, ba & eallach | | 4,000 | 5,000 | 5,350 | 5,700 | 4,250 | 24,300 |
| Íocaíocht Aonair Feirme | 22,400 | | | | | | 22,400 |
| ***A. Iomlán na bhFáltas*** | **23,400** | **6,500** | **13,500** | **14,350** | **15,200** | **14,250** | **X 87,200** |
| | | | | | | | |
| **Íocaíochtaí** | | | | | | | |
| Ceannacháin bheostoic | | | 4,250 | | 3,000 | | 7,250 |
| Innealra & trealamh | | 30,000 | | | | 2,750 | 32,750 |
| Costais oibrithe innealra | 1,100 | 1,100 | 1,100 | 1,100 | 2,500 | 3,250 | 10,150 |
| Bianna ainmhithe | 2,500 | 2,500 | 2,000 | 4,000 | 4,300 | 4,300 | 19,600 |
| Leictreachas | 1,100 | 1,000 | 600 | 600 | 725 | 800 | 4,825 |
| Aisíocaíochtaí iasachta | 900 | 900 | 900 | 900 | 900 | 900 | 5,400 |
| Costais tí | 2,000 | 2,000 | 1,600 | 1,600 | 1,600 | 1,650 | 10,450 |
| ***B. Iomlán na nÍocaíochtaí*** | **7,600** | **37,500** | **10,450** | **8,200** | **13,025** | **13,650** | **90,425** |
| | | | | | | | |
| *Iarmhéid Glan (A – B)* | 15,800 | -31,000 | 3,050 | 6,150 | 2,175 | 600 | **Y - 3,225** |
| *Iarmhéid Tosaigh* | 3,500 | 19,300 | -11,700 | -8,650 | -2,500 | -325 | 3,500 |
| *Iarmhéid Deiridh* | 19,300 | -11,700 | -8,650 | -2,500 | -325 | 275 | 275 |

**(a)** (i) Luaigh **dhá** úsáid a bhainfeadh feirmeoir as buiséad sreabhadh airgid.

- Ligeann sé d'fheirmeoir pleanáil don todhchaí ó thaobh airgid de
- Féadfaidh sé féidearthacht airgeadais na feirme a thástáil
- Is féidir monatóireacht a dhéanamh air chun a fheiceáil an bhfuil ag éirí leis an bplean
- Léiríonn sé faisnéis faoi leachtacht na feirme
- Féadfaidh sé cabhrú le monatóireacht a dhéanamh ar dhialltaí agus iad a choigeartú sula mbíonn sé rómhall.

(ii) Ríomh Iomlán na bhFáltas a bhfuil súil leo sna chéad sé mhí de 2012 (marcáilte 'X' sa bhuiséad). **€87,200**

(iii) Ríomh an Iarmhéid Glan a bhfuil súil leis sna chéad sé mhí de 2012 (marcáilte 'Y' sa bhuiséad). **– € 3,225**

(iv) Mínigh cad a chiallaíonn figiúr míosúil an Iarmhéid Glan don fheirm.

Tá sé beartaithe ag an bhfeirm €3,225 níos mó ná mar a gheofar sna sé mhí a íoc. Tá sé in acmhainn aici é a dhéanamh an uair seo mar go bhfuil díreach a dóthain san airgead tirim tosaigh. Ní fhéadfadh sí leanúint ar aghaidh leis an gcaiteachas seo ar feadh sé mhí eile gan soláthar éigin a dhéanamh.

(v) Luaigh cé acu mí a bheidh ar an gceann is fearr don fheirm ó thaobh an airgeadais de. Mínigh do fhreagra.

Eanáir, de bharr go bhfuarthas na hÍocaíochta Aonair Feirme.

(vi) Luaigh cé acu mí a bheidh ar an gceann is deacra don fheirm ó thaobh airgeadais de. Mínigh do fhreagra.

Feabhra, mar go bhfuil sé beartaithe innealra agus trealamh a cheannach a chosnóidh €30,000.

**(b)** Mura bhféadfadh an feirmeoir leanúint leis na haisíocaíochtaí iasachta ag an leibhéal comhaontaithe, tabhair breac-chuntas ar rogha **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfeirmeoir.

- D'fhéadfadh an feirmeoir moratóir ar an mbunairgead agus/nó ar an ús dlite a iarraidh ar an iasachtóir. Cé go gcabhródh sé seo leis an bhfeirmeoir go gearrthéarmach, bheadh tréimhse na hiasachta níos faide agus/nó thiocfadh méadú ar an tsuim iomlán atá le haisíoc.
- Laghdú i gcostais mhaireachtála
- Díol roinnt sócmhainní.

.